**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*Suí iomlánach*

**B10-0185/2024**

22.11.2024

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 149 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le bua an Uachtaráin toghaí Donald Trump

**Tom Vandendriessche, Gerolf Annemans, Barbara Bonte, Georg Mayer, Harald Vilimsky, Branko Grims, Daniel Obajtek, Dominik Tarczyński, Anna Bryłka, Roberto Vannacci, Ondřej Knotek, Klara Dostalova, Roman Haider, Milan Mazurek, Mireia Borrás Pabón, Juan Carlos Girauta Vidal, Hermann Tertsch, Jorge Martín Frías, András László, Siegbert Frank Droese, Ernő Schaller-Baross, Pál Szekeres, Filip Turek, Jaak Madison, Luis-Vicențiu Lazarus, Diana Iovanovici Şoşoacă, Adrian-George Axinia, Tiago Moreira de Sá, Fernand Kartheiser, Georgiana Teodorescu, Geadis Geadi, Gheorghe Piperea, Elisabeth Dieringer, Markus Buchheit, Kinga Gál, Anders Vistisen, António Tânger Corrêa, Jorge Buxadé Villalba, Vilis Krištopans, Silvia Sardone, Alexander Jungbluth, Irmhild Boßdorf, Afroditi Latinopoulou, Stephen Nikola Bartulica, Nikola Bartůšek**

**B10-0185/2024**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le bua an Uachtaráin toghaí Donald Trump**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do Riail 149 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí gur léirigh toghchán uachtaránachta na Stát Aontaithe le déanaí neart na n-institiúidí daonlathacha agus gur thug sé toradh soiléir agus cinntitheach, agus toil mhuintir Mheiriceá á taispeáint leis;

B. de bhrí gur fasach don rialachas pragmatach é ardán toghcháin an uachtaráin toghaí, ardán lenar bhain cur chuige láidir i leith na himirce neamhdhleathaí agus diúltú don histéire aeráide;

C. de bhrí go bhfuil an bhéim ar an idé-eolaíocht “mhúscailte” a chomhrac agus ar an tsaoirse cainte a athbhunú ag teacht leis na hábhair imní atá ag dul i méid san Eoraip maidir le hantoisceachas idé-eolaíoch na heite clé san oideachas agus sa saol poiblí;

1. á chur in iúl gur geal léi toradh an toghcháin mar bhua cinniúnach don daonlathas agus don tsaoirse, ag tréaslú le Donald Trump as an éacht iontach atá déanta aige;

2. á iarraidh go gcuirfí deireadh leis na beartais aeráide atá ann faoi láthair; á mholadh go n-aistreofaí i dtreo réalachas aeráide i gcomhpháirtíocht le riarachán nua na Stát Aontaithe chun inbhuanaitheacht chomhshaoil a chothromú leis an bhfás eacnamaíoch;

3. á iarraidh go gcuirfí deireadh le beartais imirce AE ar theip orthu, agus tús áite á thabhairt do rialú teorann agus don chomhrac i gcoinne na himirce neamhdhleathaí, arna spreagadh ag straitéis bheartaithe olldíbeartha na Stát Aontaithe;

4. á iarraidh go gcuirfí deireadh le sásraí cinsireachta i mbeartas AE agus á chur i bhfáth go bhfuil gá le comhar trasatlantach chun an tsaorchaint ar na meáin shóisialta a chosaint mar bhunchloch an daonlathais.